



**Global
Village**

Saoránacht Dhomhanda
Sa Bhunscoil

'An Gealltanas'

Lámhleabhar an Oide
don Bhunscoil Shóisearach

THE
PROMISE



Údar: Nicola Davies
Maisitheoir: Laura Carlin

Global Village: acmhainn deartha ag Ailbhe Joyce



Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs



Grúpa ranga: Bunscoil Shóisearach (Naíonáin – Rang 2)

Oideachas Saoránachta Domhanda (GCE) téamaí: Feasacht Chomhshaoil, Inbhuanaitheacht, Ionchuimsitheacht

Cuspóir: Luachanna na comhbhá, agus na maoirseachta comhshaoil a spreagadh sna daltaí, agus an tábacht a bhaineann le gealltanais a chomhlíonadh trí ghníomhú mar shaoránaigh dhomhanda a chur ina luí orthu.

Naisc le Curaclam na Bunscoile:

Gníomhaíocht	Creatchuraclam na Bunscoile 2023 Inniúlacht	Creatchuraclam na Bunscoile 2023 Réimse Curaclaim	Curaclam na Bunscoile 1999 Ábhar	Snáitheanna
1.2, 1.3, 2.1	Bheith mar Chumarsáidí agus Úsáid na Teanga	Teanga	Gaeilge	Teanga Labhartha, Scríobh, Léamh
1.2	Bheith mar Fhoghlaimeoir Gníomhach	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM)	Eolaíocht	Nithe Beo
3.1	Bheith mar Fhoghlaimeoir Digiteach			
4.1	Bheith Matamaiticiúil		Matamaitic	Uimhreas, Sonraí, Tomhais
3.2	Bheith Cruthaitheach	Oideachas Ealaíon	Amharcealaíona	Éadach agus Snáithín
2.2			Drámaíocht	Iníúchadh a dhéanamh ar mhothúcháin, ar eolas agus ar smaointe, chun an tuiscint a chothú.
1.1	Bheith Sláintiúil	Folláine	Corpoideachas	Gníomhaíochtaí Lasmuigh agus Eachtraí
Gach aon Gníomhaíocht	Bheith mar Shaoránach Gníomhach		Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte	Mé Féin agus Daoine eile, Mé Féin agus an Domhan Mór
4.2	Bheith mar Fhoghlaimeoir Gníomhach	Oideachas Sóisialta agus Imshaoil	Stair	Scéalta; Athrú & Leanúnachas

Aistear/Síolta naisc:

- Féiniúlacht agus Muintearas
- Folláine

Nasc le Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe: Sprioc 13: Gníomhú ar son na hAeráide. Sprioc 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe.

Tá eolas faoi na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGs) ag <https://sdgs.un.org/goals>.

NB: Mar a tharlaíonn le gach aon acmhainn is gá don éascaitheoir an t-ábhar a léamh roimh ré agus cinneadh a dhéanamh faoi leasú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nó ar ábhar áirithe ionas go mbeidh sé in oiriúint do na foghlaimeoirí.

Nuair a bhíonn ‘The Promise’ le Nicola Davies á léamh, baineann tábacht ar leith leis an difríocht atá ann idir rúin agus gealltanais a mhíniú, nuair a bhaineann sé ach go háirithe le cosaint na bpáistí.

- Gealltanais: I gcomhthéacs an scéil seo, is éard is gealltanais ann, ná d’fhocal a thabhairt duit féin nó do dhaoine eile go bhfuiltear chun athrú dearfach a dhéanamh. Is féidir le gealltanais a bheith spreagúil agus muinín agus freagracht a chothú.
- Rúin: Ar an lámh eile de, is féidir le rún dochar a dhéanamh uaireanta. Má iarrtar ar leanaí rún a choinneáil a fhágann míchompordach, scanraithe nó trína chéile iad, tá sé tábachtach go mbeadh a fhios acu gur chóir an scéal a insint do dhuine fásta muiníneach.

Spreag na leanaí i gcónaí chun labhairt amach mura bhfuil siad cinnte faoi ghealltanais nó faoi rún ar bith. Tá sé rithábachtach do leanaí a thuiscint nár cheart rún áirithe a choinneáil choíche, go háirithe má bhaineann siad le sábháilteacht nó le folláine an duine. Tá daoine fásta muiníneacha ar nós tuismitheoirí, múinteoirí, agus cúramóirí ann, chun cabhrú leo agus chun iad a chosaint. Bíonn sé mar aidhm ag an acmhainn seo litearthacht a chur chun cinn agus sábháilteacht agus folláine na bpáistí á gcinntiú againn.

Admháil: Aithníonn Global Village go buíoch an tacaíocht a fuarthas ó Chúnamh Éireann chun gníomhaíochtaí Oideachas Saoránachta Domhanda a chur ar fáil in Éirinn. Is ar an údar/na húdair go hiomlán atá an t-ábhar, an cur chuige agus na gníomhaíochtaí atá leagtha amach san acmhainn seo agus ní gá go léiríonn siad nó go leanfaidís polasaí Chúnamh Éireann.

1. Gníomhaíochtaí Réamhléitheoireachta

1.1 Folláine (Corpoideachas – Na Céadfaí – Suigh Thart & Málaí Tadhail):

- Pléigh na cúig céadfaí leis na daltaí (boladh, radharc, fuaim, tadhall, blas) ag baint úsáide as na noda atá thíos mar threoir.
 - Cad iad na cúig céadfaí atá againn? Cad iad na codanna den chorp a úsáidimid chun ár gcúig céadfaí a fhiosrú?*
 - Cén chéadfa is fusa do dhuine le húsáid taobh istigh / lasmuigh?*
 - Cén chéadfa a bhfuil sé deacair duit díriú air laistigh / lasmuigh?*
 - Cén fáth a mbaineann tábhacht ar leith leis na céadfaí a úsáid?*
 - Cén chéadfa ar chóir dúinn a úsáid go cúramach agus muid amuigh? (Blas: níor cheart an chéadfa seo a úsáid ach amháin le plandaí atá roghnaithe go cúramach, atá 100% sábháilte agus a ndéanann duine fásta taighde orthu. Cuir polasaí 'Ná pioc, ná ligh' i bhfeidhm ar na daltaí ag an bpointe seo den phlé.)*
 - Tarraing anáil aer úr isteach tríd an tsrón. Cén boladh atá air? An mbíonn boladh mar seo ag an aer i ngach áit? An bhfuil aer glan le hanáil ag gach duine ar domhan? (Cén fáth?) I dtimpeallachtaí áirithe (m.sh. i dtranglam tráchta, in aice le monarcha, in aice le dumpa), bíonn an t-aer salach nó truaillithe, agus ní bhíonn boladh deas air mar sin. Bíonn sé mífholláin do dhaoine, do phlandaí agus d'ainmhithe.*
 - Conas mar a bhraithfeá mura mbeadh an t-aer atá thart ort glan?*
 - Conas is féidir linn a chinntiú go gcoimeádfaimid ár n-aer glan? Conas a rachaidh sé seo i bhfeidhm ar dhaoine in áiteanna eile?*
 - Conas a chuidíonn aer glan lenár gcéadfaí eile? Conas a théann aer neamhghlan i bhfeidhm ar ár gcéadfaí eile?*
- Ag caint faoin tábhacht a bhaineann le haer glan a bheith againn, mínigh dóibh go mbeidh taighde á dhéanamh taobh amuigh ar cheithre cinn de na céadfaí (boladh, radharc, fuaim, tadhall). Abair leis na daltaí suí thart go ciúin leo féin taobh amuigh ar feadh 5 nóiméad, agus iad ag éisteacht, ag boladh, agus ag breathnú ar an nádúr sa timpeallacht. Tar éis 5 nóiméad, bíodh seisiún aiseolais ann agus na daltaí ag cur síos ar an eispéireas a bhí acu, le páirtí nó leis an rang ar fad. D'fhéadfaí tús na n-abairtí thíos a úsáid mar nod díospóireachta:
 - Chonaic mé...*
 - Chuala mé...*
 - Bholaigh mé...*
 - An rud ab ansa liom faoin suí thart ná...*
 - Bhí ionadh orm nuair...*
 - Thug mé faoi deara go raibh...*
 - N'fheadar an bhfuil...*
- Ag an deireadh, mínigh dóibh go ndéanfaidh an rang scrúdú ar an dúlra ag baint úsáide as an mothú amháin. Ag baint úsáide as málaí teimhneacha líonta le go leor rudaí do gach grúpa beag, caithfidh na daltaí buille faoi thuairim a thabhairt ar cad é an rud ón dúlra atá i ngach aon mhála (m.sh. ribí féir, duilleoga, clocha, cré) agus míniú a thabhairt ar an réasúnaíocht taobh thiar dá gcuid tuairimí (m.sh. cloch a bheith crua agus mín; ceapadh gur féar atá toisc go bhfuil sé tanaí agus go lúbann sé go héasca). Nuair a bheidh a bhfuil i ngach mála tugtha i gceart, roghnaíonn na mic léinn rud amháin ón dúlra le scrúdú géar a dhéanamh air agus iad ag baint úsáide as an radharc nó as an tadhall, ag obair ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga.
- An bhfuil an chuma mar an gcéanna ar chréanna, ar fhéara agus ar chlocha ar fud an domhain? Pléigh a d'fhéadfadh a bheith mar an gcéanna agus na rudaí a bheadh éagsúil. Cén fáth a bhféadfadh sé seo a bheith amhlaidh? An raibh tú in áit ar bith ina bhfaca tú cineálacha éagsúla créanna, féara agus clocha? Conas atá an timpeallacht anseo nasctha le háiteanna eile ar domhan? (m.sh. imirce éan, sruthanna aigéin, truailliú aeir 7rl. Féach Agusín 1 ina bhfuil mionsonraithe ar fáil faoin ábhar seo).

1.2 Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (Eolaíocht – Nádúr – tóraíocht taisce):

- Reáchtáiltear [tóraíocht taisce an nádúir](#) do na daltaí, agus deis acu an timpeallacht lasmuigh a iniúchadh. Bíodh leathanaigh acu i [bpócaí uisce dhíonacha soghlanta in-athúsáidte](#) le clárú a dhéanamh ar an ábhar a fhaightear (aguisín 2a); gloiní formhádúcháin; déshúiligh (nó sealbhóirí rollaí leithris athchúrsáilte); líonta nó gabháilthe feithidí; chun plandaí, míolta, agus gnéithe nádúrtha eile a scrúdú go géar.
- Más mian libh IT a thabhairt isteach sa ghníomhaíocht seo, is féidir leis na daltaí iPads nó fóin a úsáid chun grianghraif a ghlacadh den uile neach a aimsíonn na daltaí ar an tóraíocht taisce nó mar mhalairt is féidir cartáin uibheacha a úsáid chun samplaí de rudaí áirithe a bhailiú de réir treoracha an mhúinteora (NB: Bí cúramach agus tú ag piocadh samplaí de neantóga giolcacha). Ba cheart cleachtas sábháilte a leanúint agus IT in úsáid agaibh. Cloígí le polasaí IT na scoile.
- De réir mar a aimsíonn na daltaí na nithe éagsúla, spreag iad le cur síos a dhéanamh ar a gcuid torthaí ag baint úsáide as teanga thuairisciúil agus sonraí céadfacha (m.sh. 'D'aimsigh mé duilleoga glasa bioracha'. 'Bhain mé le cloch mhín a bhí thar a bheith trom'. 'Thug mé éan ildathach faoi deara a d'éitil go tapa uaim'). Déan tuilleadh plé faoi thábhacht na nithe seo sa dúlra agus ar an ról a bhíonn acu san éiceachóras áitiúil agus domhanda (Tá samplaí agus mionsonraíthe ar fáil in Aguisín 2b). Tar éis na tóraíochta, cruinnigh na mic léinn le chéile chun a gcuid torthaí agus a gcuid smaointe faoin tábhacht a bhaineann le caomhnú an dúlra go háitiúil agus go domhanda a roinnt, agus le cur síos ar na tuairimí atá acu maidir le bheith mar shaoránach gníomhach éicea-chomhfhiosach. Is féidir na ceisteanna seo a leanas a úsáid le plé a spreagadh:
 - a. Ainmnigh ceann de na rudaí a d'aimsigh tú (m.sh. cleite éin, buaircín giúise, duilleog chopóige).
 - b. Déan cur síos ar an áit ina bhfuarthas ceann de na nithe.
 - c. Cad é an rud is fearr leat i measc na nithe a fuair tú? Conas san?
 - d. Cén cruth atá ar an rud sin, cén boladh atá uaidh, conas mar a mhothaíonn sé?
 - e. Bain úsáid as ceann de na nithe a fuair tú le scéal a chruthú do do chara, (tugann an t-oide roinnt samplaí).
 - f. Conas mar a dhéanann tú teagmháil leis an nádúr ar scoil nó sa bhaile?
 - g. Cad é an sórt timpeallachta a thaitneodh leat féin?

Teangacha (Gaeilge – Dialann Nádúir):

- Iarr ar na páistí cur síos a scríobh nó pictiúir a tharraingt sa dialann nádúir faoin tóraíocht taisce agus a d'aimsigh siad. (Tá samplaí den dialann nádúir ar fáil in Aguisín 3.)
- Iarr orthu radharc a tharraingt sa dialann nádúir a léireodh an radharc ó ionad amhairc an neach beo:
 - » Conas mar a bheadh radharc an éin ón ngéag, ar an gclós scoile?
 - » Conas mar a bheadh radharc ar an scoil ag an seilide ar an talamh?
 - » Conas mar a bhreathnódh an seomra ranga don chuariteoir nuathagtha?
 - » Conas mar a mhothaíonn tú nuair a bhíonn radharc éagsúil agat ar an domhan?
 - » Cén tábhacht a bhaineann le cúrsaí a fheiceáil trí radharc an duine eile? An gcabhraíonn sé sin linne a bheith mar shaoránaigh dhomhanda feabhsaithe?



1.3 Teangacha (Gaeilge – Tuar/Tabhair le Fios):

- Déan coincheap na 'geallta' a phlé leis an rang ag baint úsáide as na ceistanna seo a leanas:
 - a) Cén cineál gealltanais a thugann muid sa seomra ranga (m.sh. Conradh Ranga, rialacha na scoile)?
 - b) Conas a mhothaíonn tú faoi na gealltanais seo?
 - c) Cén saghas gealltanais ar cheart dúinn a thabhairt don dúlra? Cén fáth go bhfuil na gealltanais seo tábhachtach?
- Taispeáin clúdach 'An Gealltanais' don rang agus iarr ar na daltaí a gcuid smaointe a roinnt maidir leis na tuairimí atá acu faoi ábhar an scéil. Spreag iad le buillí faoi thuairim a thabhairt bunaithe ar an teideal agus ar na léaráidí. Tuar na gealltanais a d'fhéadfadh na carachtair a thabhairt de réir mar a bhreathnaítear ar na pictiúir sa leabhar (i.e. féachaint go tapa ar roinnt pictiúr nó ar gach pictiúr sa scéal gan aon chuid den téacs a léamh agus tú ag iarraidh buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar an scéil). Is féidir tuairimí na ndaltaí a scríobh ar an gclár bán nó ar bhileoga, agus breathnú arís orthu tar éis dóibh an scéal a chloisteáil, féachaint cé chomh cruinn agus a bhí a gcuid tuairimí.



2. Gníomhaíochtaí i Rith na Léitheoireachta

2.1 Teangacha (Gaeilge –Lítearthacht agus Seanchas Idirghníomhach):

- Bain úsáid as frapaí (m.sh. mála na seanmhná, dearcáin, sparáin fholmha), gothaí, agus guthanna éagsúla leis an scéal a dhéanamh beo agus tú ag léamh os ard don rang. Spreag na daltaí le páirt a ghlacadh trí mhaisíochtaí fuaime a dhéanamh, radhairc a léiriú, nó meastachán a dhéanamh ar cad a tharlódh ina dhiaidh sin ag baint úsáide as na 'leideanna idirghníomhacha seanchais' in Aguisín 5.

2.2 Oideachas Ealaíona (Drámaíocht – Tréithe Aitheantais):

Moilligh ag pointí tábhachtacha sa scéal leis na daltaí a cheistiú faoi na mothúcháin, na smaointe, na gníomhartha a bhaineann le carachtair áirithe (samplaí thíos):

Nuair a dhéanann an cailín an chéadiarracht mála na cailí a ghoid, moilligh agus cuir an cheist:

- Conas mar a mhothaigh an cailín agus í ag iarraidh an mála a ghoid? Conas san?
- Cad a cheap sí nuair a rinne an tseanbhean iarracht greim a choimeád ar an mála?
- Cad a dhéanfása sa chás gur tusa an cailín?

Nuair a chuireann an cailín an chéad dearcán, moilligh agus iarr orthu:

- Cén fáth a raibh an dearcán á chur ag an gcailín, an dóigh libh?
- Conas mar a mhothaigh an cailín tar éis di an dearcán a chur, an dóigh libh?
- Cad a theastaíonn ón gcailín tar éis di an dearcán a chur, an dóigh libh?

Nuair a thagann claochlú ar an gcathair de bharr fás na gcrann, moilligh agus iarr orthu:

- *Cad a cheapann muintir na cathrach nuair a fhásann na crainn agus nuair a athraíonn an áit?*
- *Cad iad na hathruithe a thugann an cailín faoi deara inti féin de réir mar a éiríonn an chathair níos glaise?*
- *Cén fáth gur rud tábhachtach do mhuintir na cathrach iad an nádúr, na crainn agus na plandaí?*

Cabhraigh leis na paistí ionannú a dhéanamh le turas agus le mothúcháin an charachtair – uaigneas, lúcháir, dóchas, trí úsáid a bhaint as an ngníomhaíocht atá thíos:

Lána Coinsiasa:

- Déantar dhá shraith de dhaltaí agus aghaidh acu ar a chéile (3m eatarthu). Bíodh dalta áirithe sásta feidhmiú mar charachtar ón scéal (m.sh. an gadaí, an tseanbhean, an buachaill) agus siúl go mall idir an dá líne. Nuair a bhíonn an carachtar ag trasnú, míníonn dalta eile mothúchán nó smaoinemh a bheadh ag an gcarachtar ag pointe áirithe sa scéal (m.sh. *lth1: Trasnaíonn an gadaí an chathair dhorcha. lth5: Feiceann an tseanbhean an gadaí ag teacht in aice léi. lth6: Tuigeann an gadaí gur ghoid sí mála dearcán. lth8: Tuigeann an bhean chathrach go bhfuil na dearcáin ag fás agus ag cur datha ar fud na cathrach*).

3. Gníomhaíochtaí Iar-Léitheoireachta

3.1 Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (Teicneolaíocht – club scannán GCE):

- Breathnaigh ar an scannán [‘The Promise’](#) lena chéile agus bain úsáid as na ceisteanna thíos mar obair bhaile, nó mar obair thuisceana nó mar chomhdhlúthú:
 - Cad a tharla don ghadaí ag an bpointe seo sa scéal? (Sos ag 1:28 nóim)*
 - Cén fáth go raibh greim daingean ag an tseanbhean ar an mála?*
 - Conas mar a léiríonn sé sin dearcadh na seanmhná i leith an domhain?*
 - Cad a cheap an cailín nuair d’oscail sí an mála dearcán?*
 - Cén fáth gur cheap sí go raibh an t-ádh léi? Conas mar a mhothófá dá n-osclófá an mála céanna?*
 - Ar mhothaigh tú féin mar seo riamh nuair d’oscail tú rud éigin?*
 - Cad eile a d’fhéadfadh an gadaí a dhéanamh leis na dearcáin? Cad a dhéanfá le mála dearcán, agus cén tionchar a bheadh aige sin ar do phobal féin?*
 - Cén t-athrú a tháinig ar phobal na cathrach nuair a d’fhás na dearcáin?*
 - Stad an scannán ag 5nóim. Cad a tharlóidh anois, an dóigh leat?*
 - Conas a tharlódh ‘athrú meoin’? (Sos ag 5.19nóim.) Conas mar a chabhródh sé seo le daoine eile agus leis an timpeallacht?*

3.2 Oideachas Ealaíona (Ealaín – Ceirdeanna an Nádúir):

- Pléigh leis an rang an méid pictiúr i 'The Promise' atá liath, dorcha, duairc. Priontáil sampla de thoise A2 de gach leathanach duairc ón leabhar agus cuir ceann ar bhord an ghrúpa. Ag baint úsáide as ábhair nádúrtha nó as nuachtáin agus irisí athchúrsáilte, iarr ar na daltaí an pictiúr sin a dhéanamh beo le dathanna an dúlra. Is féidir le daltaí íomhánna agus léaráidí de phlandaí agus d'ainmhithe a chur leis an bpictiúr chomh maith, agus na roghanna a mhíniú don rang.
- Úsáid na colláisí críochnaithe ó gach aon bhord le gailearaí a chruthú sa seomra ranga, sa dorchla nó i halla na scoile. Taispeáin na colláisí ildathacha i gcomparáid leis na híomhánna duairce bunaidh. Tabhair cuireadh do ranganna eile breathnú ar an taispeántas agus plé a dhéanamh ar an radharc den chathair is fearr leo agus na fáthanna atá taobh thiar den rogha. Spreag na mic léinn le bheith mar threoraithe taispeántais agus béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le cúram a dhéanamh den timpeallacht agus a bheith ina gcaomhnóirí gníomhacha ar an domhan ina iomláine.
- Ba cheart go bhféadfadh an taispeántas de na colláisí a bheith mar spreagadh don rang, nó do thionól na scoile, ina bhféadfaí an ról atá againn mar shaoránaigh gníomhacha i measc an phobail, sna bailte agus sna sráidbhailte a phlé, agus a chur i gcomparáid leis an saol a bhíonn ag na páistí i dtíortha eile an domhain.



(Ealaín – Mandala an Nádúir):

- Bain úsáid as na hábhair nádúrtha a bailíodh le linn cleachtadh 1.1/1.2 agus as an eolas faoi 'Stair an Mhandala' atá in aguisín 4, le taispeáint do na daltaí conas mandala dúlra a dhéanamh, a léireodh buíochas agus grá don dúlra. Is féidir le daltaí obair leo féin, i mbeirteanna nó i ngrúpaí. Fiosraigh bunús agus brí an mhandala agus nasc iad leis an gceist faoi 'Conas mar a tharlaíonn athrú meoin?' ó aguisín 7 (Gníomhaíocht 3.1).



Foinse: <https://www.orientacionandujar.es/mandalas-naturales-42/>

4. Síolta an Dóchais a Chur (Garraíodóireacht Theagmhólach)

4.1 Eolaíocht, Teicneolaíocht, agus Innealtóireacht (Matamaitic & Eolaíocht – Síolta a Chur)

- Cuir síolta, cré agus potaí ar fáil do na páistí, le gur féidir leo a gcuid síolta féin a chur. Is féidir síolta a cheannach díreach ó [Irish Seed Savers](#) agus is féidir liosta de na síolta is tapúla fáis a bheadh oiriúnach le cur am ar bith, a aimsiú ag suíomh [Seeds Ireland](#). Cabhraigh leis na daltaí aire a thabhairt do na plandaí, agus an fás a dhéanann siad de réir a chéile a thabhairt faoi deara. Is féidir na síolta a chur i bpotaí nó i mboscaí uibheacha sa seomra ranga, nó iad a chur i bpotaí nó i gceapacha bláthanna taobh amuigh. Pléigh an tábhacht a bhaineann le síolta a chur ó thaobh na todhcháí inbhuanaithe de, agus an bealach ina gcuireann na plandaí le sláinteachas an phláinéid. Pléigh an bealach ina n-éiríonn leis an gcailín a leithéid a dhéanamh i ‘The Promise’ agus go mbaineann tábhacht ar leith le plandú na síolta a bheith idir lámha ag gach uile dhalta, toisc gur obair thábhachtach í.
- Cothaigh scileanna matamaiticiúla trí chré a thomhas agus a mheá, síolta a chomhaireamh, agus tomhas a dhéanamh ar airde na bplandaí. Spreag na daltaí le cuntas a choimeád faoin bhfás i ndialann plandaí (tá moltaí faoi leagan amach na dialanna nádúir i measc na n-acmhainní breise).

4.2 Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Stair – Béaloideas):

- Déan béaloideas na hÉireann agus traidisiún na gcrann ceirteacha a phlé. Cruthaigh crann na ngealltanais leis an rang. Is féidir planda i bpota taobh istigh a úsáid, nó crann sa talamh lasmuigh. Spreag na daltaí go hindibhidiúil le go dtabharfaidís gealltanais, an nádúr a chaomhnú agus an mhaoirseacht dhomhanda a chraobhscaoileadh, díreach mar a rinne an carachtar sa scéal ‘The Promise’ é. Ceangal ribín le crann na ngealltanais, rud a chuirfidh a leithéid in iúl do chách.

5. Naisc Bhreise d’Oidí na Bunscoile

5.1 Scoil Fhoraoise Laoise :

Acmhainn aoisoiriúnach agus pleananna don oideachas faoin aer eagraithe de réir rotha na bliana.

5.2 Naisc le Ceirdeanna Samplacha an Nádúir:

Réimse gníomhaíochtaí san ealaín ina mbaineann na daltaí úsáid as ábhar nádúrtha: duilleoga, cipíní, dearcáin, bláthanna, le píosa ealaíne a chruthú:

1. [Ornáidí le Boscaí Uibheacha Athchúrsáilte & Dearcáin](#)
2. [Colláis le Dearcáin](#)
3. [Dearcáin a Dhathú](#)
4. [Ealaín Púróg agus Pobal le Púróga](#)
5. [Bábóg Chipíneach](#)
6. [Leabhar Grianghraif: Mionainmhithe sa Nádúr](#)

Is féidir le daoine nach bhfuil ar líne dul chuig <https://globalvillageschools.ie/teaching-resource/classroomresources/> nó an cód QR thíos a scanadh le leagan ar líne den acmhainn seo a aimsiú:



Aguisín 1:

1.1 Freagraí samplacha ar an gceist, 'Conas mar a nasctar an t-imshaoil anseo (ar oileán na hÉireann) le háiteanna eile ar domhan?'

- 1. Imirce Éan:** Eitlíonn éin ar nós na bhfáinleog, an bealach ar fad ón Afraic Theas, tagann cuacha ón gCongó agus an ceolaire cíbe ón tSeineagáil agus ó Ghána go hÉirinn i rith an tsamhraidh. Taistealaíonn siad na mílte ciliméadar chun taitneamh a bhaint as an aimsir dheas anseo. Léiríonn sé seo an bealach ina nascann ainmhithe áiteanna éagsúla ar fud an domhain lena chéile!
- 2. Aimsir agus Sruth Aigéin:** Bíonn tionchar ar an aimsir in Éirinn ag rud ar a dtugtar Sruth na Murascaille, atá cosúil le habhainn mhór san aigéan. Tugann sé uisce te ón Mhuir Chairib an bealach ar fad go hÉirinn, agus bíonn an aimsir anseo níos séimhe dá bharr. Mar sin, cé go bhfuil an Mhuir Chairib i bhfad i bhfad uainn, bíonn tionchar aige ar an aimsir anseo mar sin féin!
- 3. Speicis Ainmhithe agus Plandaí:** Tháinig roinnt plandaí agus ainmhithe a chónaíonn in Éirinn ó thíortha eile ó dhúchas. Tháinig prátaí, mar shampla - ar cuid mhór de bhia na hÉireann iad, ó Mheiriceá Theas! Thug daoine roinnt ainmhithe, cosúil le fianna, anseo leo i bhfad ó shin. Tugadh an fia rua agus an fia buí isteach ón mBreatain agus tháinig fianna Sika ón tSeapáin. Tugann sé seo le fios dúinn conas mar is féidir le plandaí agus ainmhithe taisteal ó áit go háit agus maireachtáil in áiteanna éagsúla ar fud an domhain.
- 4. An Truailliú agus Athrú Aeráide:** Nuair a bhainimid úsáid as na gluaisteáin nó as na monarchana in Éirinn, cruthaítear truailliú a chuireann isteach ar an aer agus ar an aeráid, ní hamháin anseo ach in áiteanna eile ar domhan chomh maith. Mar sin, trí aire a thabhairt dár dtimpeallacht, is féidir linn cabhrú le daoine agus le hainmhithe ar fud an domhain saol níos fearr a chaitheamh.

Aguisín 2a

1.2 Leathanach inphriontáilte do thóraíocht taisce an nádúir, le lannú roimh ré (féach lth 14)

Aguisín 2b:


1.2 Freagraí samplacha faoi thábhacht na nithe a aimsítear i dtóraíocht taisce an nádúir agus an ról a bhíonn acu san éiceachóras áitiúil agus san éiceachóras domhanda

- 1. Duilleoga:** Tá na duilleoga cosúil le mionphainéil gréine do na plandaí! Súnn siad solas na gréine isteach agus déanann siad bia de, trí phróiseas ar a dtugtar fótaisintéis. Cabhraíonn siad le plandaí anáil trí dhé-ocsaíd charbóin a ghlacadh isteach agus ocsaigin a scaoileadh amach, rud atá riachtanach do gach ní beo ar domhan.
- 2. Bláthanna:** Bíonn na bláthanna ar nós ealaíontóirí an dúlra. Tagann siad i ngach cruth agus gach aon dath, agus is é an gnó atá acu ná feithidí cosúil le beacha agus féileacáin a mhealladh. Nuair a thugann feithidí cuairt ar na bláthanna le haghaidh neachtar, bailíonn siad pailín freisin agus cabhraíonn siad le plandaí eile síolta a dhéanamh. Sin mar a bhíonn páirt mhór ag na bláthanna lena chinntiú gur féidir le plandaí fás agus níos mó bláthanna a dhéanamh ansin.
- 3. Crainn:** Is sárlaochra an dúlra iad na crainn! Soláthraíonn siad ocsaigin dúinn chun anáil, tugann siad scáth dúinn, rud a choimeádann fionnuar muid, agus cuireann siad tithe ar fáil d'ainmhithe. Súnn na crainn an dé-ocsaíd charbóin isteach freisin, rud a dhéanann an t-aer glan agus a laghdaíonn éifeacht an athraithe aeráide. Tá na crainn riachtanach don bheatha ar domhan!
- 4. Péisteanna Talún:** Feidhmíonn na péisteanna talún mar gharraíodóirí an dúlra! Cónaíonn siad faoin talamh agus itheann siad duilleoga agus plandaí marbha. Trí bhogadh tríd an ithir, cuidíonn siad le hábhar orgánach a bhriseadh síos agus é a iompú ina ithir shaibhir lán ilchothaitheach ar a dtugtar múirín. Cabhraíonn sé seo leis na plandaí fás go mór agus go láidir!

5. **Seangáin:** Is cosúil le hinnealtóirí bídeacha iad na seangáin! Cónaíonn siad i gcoilíneachtaí faoin talamh agus oibríonn siad lena chéile chun tolláin agus neadacha casta a thógáil. Cuidíonn siad freisin leis an timpeallacht a ghlanadh trí fheithidí agus plandaí marbha a ithe. Chomh maith leis sin, baineann tábhacht leo maidir le síolta a scaipeadh agus an ithir a aeráil leis na tolláin.
6. **Na hÉin:** Is teachtairí an dúlra iad na héin! Scaipeann siad síolta nuair a itheann siad torthaí agus caora, rud a chuidíonn le plandaí a chur ag fás in áiteanna nua. Rialaíonn siad daonra na bhfeithidí trí míolta a ithe a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bharráí nó do phlandaí. Ná déanaimis dearmad ar a gcuid amhrán álainn, rud a fhágann gur áit níos sona dúinne an saol timpeall orainn!
7. **Líon an damháin alla:** Bíonn na líonta a dhéanann an damhán alla cosúil le gaistí an dúlra! Úsáideann na damháin alla a gcuid síoda le líonta casta a thógáil chun feithidí a ghabháil le hithe. Cuidíonn siad le daonra na bhfeithidí a rialú, rud atá tábhachtach chun éiceachórais a choinneáil ar chóimheá. Ina theannta sin, bíonn síoda an damháin alla thar a bheith láidir agus is féidir é a úsáid le haghaidh go leor rudaí cúlailte san eolaíocht agus sa teicneolaíocht.
8. **An Caisearbhán:** Bíonn an caisearbhán cosúil le cúntóir dúlra! Tá fréamhacha doimhne aige a bhriseann suas an ithir dhlúth, rud a ligeann don aer agus don uisce fréamhacha na bplandaí a bhaint amach. Soláthraíonn siad bia do bheacha agus d'fheithidí eile lena neachtar agus le pailín. Ná déanaimis dearmad ar spraoi a bhaint as iad a shéideadh agus guí a dhéanamh!
9. **Neantóga:** Bíonn neantóga cosúil le leigheas an dúlra! In ainneoin an dó neantóige, bíonn go leor úsáidí le baint astu. Cuireann siad bia ar fáil do na boilb, agus déantar féileacáin áille astu san. Is féidir le daoine neantóga a úsáid chun tae nó anraith a dhéanamh, rud a bhíonn go maith don tsláinte. Ina theannta sin, cuidíonn siad le caighdeán na hithreach a fheabsú trí chothaithigh a tharraingt aníos ón talamh domhain.
10. **Na Nóiníní:** Is cosúil le gárthóirí molta an dúlra iad na nóiníní! Geallann siad na páirceanna agus na gairdíní lena gcuid peitil bhuí agus bána. Is breá le beacha agus leis na féileacáin cuairt a thabhairt orthu le haghaidh neachtar, agus cuireann siad bia ar fáil d'ainmhithe féaraigh freisin. Meabhraíonn na hainmhithe dúinn taitneamh a bhaint as áilleacht shimplí an nádúir.
11. **Na Carraigeacha:** Tá na carraigeacha cosúil le scéalaithe an domhain! Tugann siad leideanna dúinn faoi stair an phláinéid agus conas mar a d'athraigh sé le milliúin bliain. Caomhaíonn roinnt carraigeacha, cosúil leis na hiontaisí, fianaise ar phlandaí agus ar ainmhithe ársa. Múnlaíonn na carraigeacha an tírdhreach freisin, ag cruthú sléibhte, gleannta agus tránna. Soláthraíonn siad gnáthóga d'iliomad nithe beo, lena n-áirítear plandaí agus ainmhithe beaga. Ina theannta sin, úsáideann daoine carraigeacha mar ábhar tógála agus le huirlisí a dhéanamh. Cuireann carraigeacha i gcumhne dúinn an t-aistear dochreidte a rinne ár bpláinéad le himeacht aimsire.

Aguisín 3

1.3 Teimpléad don dialann nádúir (féach lth 15)



Aguisín 4

1.3 Stair an Mhandala

1. Cén áit a bhfaca tú rud ar nós an mhandala? Déan cur síos air.

2. Cad is mandala ann, agus cad as dó?

Tá dearadh ciorclach ar an mandala. Rud é a léiríonn an chruinne i dtraidisiúin spioradálta éagsúla. Tháinig sé ón India ársa ó thús, mar shiombail a léiríonn iomláine, aontacht, suaimhneas agus síocháin na cruinne. *(Cá bhfuil India ar an léarscáil? An raibh aon duine anseo in India riamh?)*

3. Conas mar a úsáidtear an mandala i gcultúir éagsúla timpeall na cruinne.

Úsáidtear an mandala i gcultúir éagsúla le haghaidh machnaimh, i ndeasghnátha spioradálta, agus mar ealaín mhaisiúil. Bíonn siad le sonrú i dtraidisiúin na Hiondúch, na mBúdaithe, na gCríostaithe, na Meiriceánach Dúchasach, agus go leor eile. *(An bhfuil aithne agat ar aon duine a leanann nó a chleachtann aon cheann de na reiligiúin/na traidisiúin sin?)*

4. An féidir mandala clúiteach a lua a bhaineann le tír nó le traidisiún áirithe?

Samplaí: Mandala Gainmheach ó Bhúdachas na Tibéide, Rangoli ón traidisiún Hiondúch, an Fhuinneog Rós san ailtireacht Ghotach, agus an Roth Leighis i gcultúr na Meiriceánach Dúchasach.

5. Cad is brí leis an mandala i measc na gcultúr éagsúil?

Seasann siad don aontacht, don suaimhneas, don chóimheá, don dlúthnasc a bhaineann leis an uile rud ar domhan.

6. Conas mar a chruthaíonn daoine an mandala? Cén t-ábhar a úsáidtear?

Cruthaítear an mandala trí úsáid a bhaint as ábhair éagsúla cosúil le gaineamh daite, péint, cailc, clocha, bláthanna, nó uirlisí digiteacha fiú. Is minic a thosaítear ón lár agus oibrítear amach ón lár i bpatrúin chasta.

7. Cén tábhacht a bhaineann leis an mandala ó thaobh na gcleachtas spioradálta nó reiligiúnach?

Baineann tábhacht leis an mandala i gcleachtas spioradálta toisc go gcabhraíonn siad leis an duine aonair an intinn a dhírú agus a shuaimhniú, aireachas a chothú, agus ceangail le bríonna doimhne spioradálta. Feidhmíonn siad mar áiseanna amhairc le haghaidh machnaimh chomh maith.

8. Conas mar a chothaíonn an mandala an suaimhneas croí is an t-aireachas?

Nuair a bhíonn an t-aire dírithe ar an mandala a dhéanamh, is féidir linn ár n-intinn a chiúnú agus an t-ábhar buartha a laghdú. Cuidíonn athrá na bpatrún agus siméadracht an phictiúir a bhíonn á cruthú, le smaointe a shuaimhniú agus leis an tsíocháin a chothú.

9. Conas mar a úsáidtear an mandala san ealaín agus i ngnáthimeachtaí an lae?

Baintear úsáid as an mandala i bpictiúir, i ndealbha, sa mhúrmhaisiú, i dteicstílí, i seodra, agus i rudaí cosúil le fuinneoga agus síleálacha. Is féidir iad a fháil i dteampaill, i spás naofa, agus in earraí tí ar nós plátaí agus cóstaeirí.

10. Conas mar a chabhródh eolas faoin mandala linn cultúir éagsúla a thuiscint, agus an tsaoránacht dhomhanda a chur chun cinn?

Múineann taithí an mhandala dúinn faoi chultúir éagsúla, faoi chreideamh an duine eile, agus faoin ealaín ar fud an domhain. Spreagann sé sinn le léirtheiscint a bheith againn ar an éagsúlacht chultúrtha, cothaíonn sé comhbhá agus tuiscint, agus cuireann sé luachanna na saoránachta domhanda ar nós meas, caoinfhulaingt agus idircheangailteacht chun cinn.

Aguisín 5

2.1 Noda don seachas idirghníomhach:

Réamhrá:

- Tomhas cén t-ábhar a bheidh á phlé sa scéal “The Promise” trí smaoineamh ar an teideal.
- Cad a tharlóidh sa scéal, an dóigh leat?

Réitigh an Bealach:

- Conas mar a mhothaíonn an príomh-charachtar ag tosach an scéil?
- Cén cruth, cén boladh, cén t-atmaisféar a bheadh i sráidbhaile an chailín, meas tú?
- Tabhair tuairisc agus cur síos ar an áit ina gcónaíonn tú do do pháirtí; an bhfuil sé cosúil le, nó éagsúil ó shráidbhaile an chailín sa scéal?

Maisíocht Fuaim:

- An féidir leatsa fuaim na cathrach a dhéanamh?
- Cén fothram a dhéanann na hainmhithe má scanraítear iad, nó má éiríonn siad tógtha le cúrsaí?
- An féidir leat fuaim na gaoithe trí na crainn a dhéanamh?

Iniúchadh ar na Carachtair:

- Conas mar a mhothaigh an gadaí nuair a thug sí faoi deara go raibh mála mór ag an tseanbhean?
- Cén fáth gur thug an tseanbhean an mála dearcán don ghadáí ag an deireadh?
- Cad a dhéanfása i measc an phobail dá mbeadh mála dearcán agat?

Toradh a Thuar:

- Cad a tharlóidh sa chathair má chuireann an gadaí na dearcáin ar fad?
- Cén tionchar a bheidh ar an bhfiadhúlra dá bharr?
- Conas mar a rachadh fás na gcrann chun leasa phobal na cathrach?

Aisteoireacht a Dhéanamh:

- Lig ort gur tusa an gadaí ag cur na ndearcán ar fud na cathrach. Cad iad na háiteanna ina bhféadfaí iad a chur?
- Cad a cheapfadh an fiadhúlra den na crainn nua atá ag fás sa chathair? (Bí ag aisteoireacht ar nós ainmí a aimsíonn teach nua di féin sa chathair atá éagsúil de bharr méid na gcrann).

Nasc Mothúcháin:

- Conas a mhothaíonn tú nuair a thugann tú faoi deara go bhfuil an chathair ag éirí sláintiúil suimiúil de bharr obair an ghadáí?
- Cén fáth gur thug an gadaí gealltanais don tseanbhean, an dóigh leat?

Machnamh:

- Cén ceacht atá á mhúineadh ag údar “The Promise”?
- Conas is féidir linn bheith ar nós an ghadáí agus gealltanais a thabhairt cabhrú leis an timpeallacht agus lenár gcomhlúadar?
- Conas a tharlaíonn go mbíonn sé tábhachtach aire a thabhairt don timpeallacht?



Tóraíocht Taisce an Nádúir

Cuimhnigh air, gan lorg a fhágáil inár ndiaidh nuair a bhíimid ag fiosrú an nádúir, agus gan sampla de phlanda a ghlacadh más é sin an ceann deireanach atá le sonrú sa timpeallacht.


Duilleog



Bláth




Crann




Péist Talún



Seangán




Éan



Líon an Damháin Alla



Cloch Gharbh



Cloch Mhín



Caisearbhán



Neantóg



Nóinín



Teimpléad don Dialann Náduit

Is le _____
an dialann seo.



An t-ainmhí is ansa liom:

An planda is ansa liom:

An dath is ansa liom:

An séasúr is ansa liom:

An rud is fearr liom faoin nádúr:

.....

An áit is fearr liom i dtimpeallacht an nádúir:


.....

.....

Déan ceann de na gníomhaíochtaí thíos ar leathanach bán:

- An mothúchán, an boladh, fuaimeanna an nádúir:
- Mo chuimilteáin ón nádúr:
- Mo cholláis ón nádúr:
- Mo líníocht ó radharc an chréatúir ar an saol:
- Mo líníocht a léiríonn an saol mar a bheadh sé uaim:
- Rianaigh leath amháin den rud a luaitear thíos. Iarr ar do pháirtí an leath eile den rud sin a tharraingt:
 - Féileacán
 - Bláth
 - Crann
 - Tuar Ceatha





Saoránacht Dhomhanda
Sa Bhunscoil

Tá tuilleadh eolais faoin Sráidbhaile Domhanda, faoi acmhainní is faoi ábhar eile ar fáil ar an [suíomh](mailto:info@globalvillageschools.ie) nó cuir ríomhphost chugainn ag info@globalvillageschools.ie



Irish Aid
An Roinn Gnóthai Eachtracha
Department of Foreign Affairs



Trocaire
TOGETHER FOR A JUST WORLD